

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**  
**(Cás M.10218 – GAUSELMANN/GREENTUBE/JV)**  
**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 145/13)

1. An 24 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- Gauselmann AG (“Gauselmann”), An Ghearmáin;
- Greentube Internet Entertainment Solutions GmbH (“Greentube”), faoi rialú Novomatic Group (tá an dá chuideachta lonnaithe san Ostair);
- Comhfhiontar nua-ionchorpraithe.

Gheobhaidh Gauselmann agus Greentube comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- i gcás Gauselmann: meaisíní sliotán a fhorbairt agus a dhíol, cluichí a fhorbairt le haghaidh cearrbhachais, cearrbhachas ar líne agus gealltóireachta spóirt chomh maith le hallaí cearrbhachais a oibriú, gníomhach go príomha sa Ghearmáin agus i dtíortha Eorpacha eile.
- i gcás Greentube: mar chuid den Novomatic Group, a sholáthraíonn cluichí do chearrbhachas, réitigh chearrbhachais agus seirbhísí gaolmhara mar sholáthraí seirbhíse iomlán ar fud gach codanna den tionscal cearrbhachais, gníomhach go príomha san Ostair, gníomhach i 75 tír ar an iomlán.
- i gcás na cuideachta nua-ionchorpraithe: ardán a bhunú le haghaidh cearrbhachas ar líne.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10218 – Gauselmann/Greentube/JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

<sup>(1)</sup> IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

<sup>(2)</sup> IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission  
Directorate-General for Competition  
Merger Registry  
1049 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

---